# Údarás Uchtála na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2014

## Comhaltas an Bhoird - 2014

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach

Helen Collins, Leaschathaoirleach

Siobhan Keogh

Corrina Carrick

An Dr. Ann McWilliams

An Dr. Imelda Ryan

Anne O'Flaherty

| | |
|---|---|
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: | Patricia Carey |
| Stiúrthóir Oibríochtaí & Seirbhísí Corparáideacha: | Kiernan Gildea |
| Ceann Oibríochtaí: | Anthony Abbott King |
| Príomhoibrí Sóisialta: | Celia Loftus |

Tuarascáil ó

Údarás Uchtála

na hÉireann don bhliain 2014

Do: An Dr James Reilly T.D.

Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

# CLÁR

Brollach

Tionscnaimh Shuntasacha Rialtais 2014

Plean Corparáideach 2012-2015 agus Plean Gnó 2014

Uchtáil Bhaile
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- Iarratais chuig an Ard-Chúirt

Faisnéis agus Lorgaireacht
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)

Uchtáil Idir Tíortha
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha

Creidiúnú

Táblaí Staitistiúla

## Brollach

*Ba bhliain tháirgiúil í an bhliain 2014 d'Údarás Uchtála na hÉireann ("AAI"), lena n-áirítear ceapadh Príomhoifigigh Feidhmiúcháin nua.*

*Tá uchtáil i measc na roghanna cúraim le haghaidh leanaí agus soláthraíonn sí céannacht agus buaine laistigh de struchtúr teaghlaigh. Ní oireann uchtáil do gach uile staid ach, i gcás ina bhfuil leanbh i gcúram altramais gan aon dóchas ann go bhfillfidh sé nó sí ar a bhaile/baile féin, is féidir le huchtáil ligean don leanbh teaghlach daingean lena ngabhann buaine dhlíthiúil a bheith aige.*

*Tugann uchtáil leanaí ó chúram fadtéarma altramais dara deis do roinnt leanaí chun teacht a bheith acu ar chobhsaíocht i dteaghlach lách ceanúil i gcomhréir le hAirteagal de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Deonaíodh trí ordú uchtála is fiche do leanaí sa bhliain 2014 chun iad a aistriú ó chúram altramais.*

*Tar éis an Reifrinn maidir le Cearta Leanaí, d'óstáil an tÚdarás comhdháil i mí na Samhna chun breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann le buaine agus oscailteacht do leanaí atá ar fáil lena n-uchtáil ó chúram altramais. Bhí an chomhdháil sin ina cuid de shraith cruinnithe faisnéise a d'eagraigh AAI sa bhliain 2014 faoi chúrsaí uchtála do gheallsealbhóirí mar chuid dá straitéis chumarsáide.*

*Chuir an tÚdarás fáilte roimh fhoilsiú Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí agus Cóngas Teaghlaigh 2014. Tar éis an reachtaíocht seo a achtú, déanfar an t-athrú is tábhachtaí dá bhfuil déanta ar an dlí teaghlaigh le glúin anuas. Cuireann sí leasanna an linbh i gcroílár na gcinntí go léir a dhéantar maidir le coimeád, caomhnóireacht agus uchtáil. Soláthróidh an reachtaíocht conairí éagsúla i dtreo tuismitheoireachta agus beidh impleachtaí suntasacha aici le haghaidh chleachtadh na huchtála.*

*I gcás leastuismitheoirí, cuirfidh an reachtaíocht nua caomhnóireacht ar fáil mar rogha mhalartach, in ionad uchtála, maidir le cúram leanaí. Cumasóidh sí do raon níos leithne aithreacha gan phósadh teacht go huathoibríoch chun bheith ina gcaomhnóirí ar a leanbh. I dtaca leis sin de, forchuirfidh an reachtaíocht ceanglais de chineál níos troime ar an Údarás i leith dul i gcomhairle leis an athair breithe.*

*Maidir le hiarratasóirí aonair, beag beann ar a ngnéaschlaonadh, tá siad cáilithe, le níos mó ná fiche bliain, i gcomhair measúnachta i leith uchtáil a dhéanamh. Leis an reachtaíocht maidir le Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, leathnófar an ceart ar mheasúnacht i leith uchtáil a dhéanamh chuig lánúineacha comhchónaitheacha atá ina gcónaí le chéile le 3 bliana agus chuig páirtnéirí sibhialta. Go dtí seo, tá leasanna an linbh, agus leanfaidh leasanna an linbh de bheith, ina riachtanas uileghabhálach maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil lánúin phósta, lánúin chomhchónaitheach, páirtnéirí sibhialta nó iarratasóir aonair oiriúnach chun uchtáil a dhéanamh.*

*Sa reachtaíocht maidir le Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, glactar cur chuige cuimsitheach i leith chearta an linbh, ar cur chuige é atá bunaithe ar chearta daonna, agus, tar éis í a chur i bhfeidhm go hiomlán, cuirfidh sí deireadh le roinnt constaicí atá ann sa chóras dlí agus a chuireann bac ar leanaí ó thaobh an saol teaghlaigh is fearr agus is féidir a bheith acu.*

*Tá an tÚdarás ag tnúth le foilsiú na reachtaíochta maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht i rith na bliana 2015. Tá na geallsealbhóirí éagsúla ag tnúth le fada leis an reachtaíocht sin agus tá gá léi chun ár gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.*

*Tá clár teagmhála saorálaí i gcás uchtáil á oibriú ag AAI ó bhí an bhliain 2005 ann. Tá níos mó ná 11,000 duine cláraithe ar an gclár teagmhála i gcás uchtáil agus, ón mbliain 2005 i leith, tá meaitseálacha ón gclár éascaithe ag an Údarás do 670 duine.*

*Molann an tÚdarás go mór do thuismitheoirí breithe/nádúrtha go háirithe clárú ós rud é go léiríonn na staitisticí go bhfuil níos mó daoine uchtaithe cláraithe (7,500) ná mar atá cláraithe i gcás gaolta breithe/nádúrtha (3,400).*

*I mí Aibreáin 2014, d'óstáil an tÚdarás seimineár maidir le Forbairtí i réimse na hUchtála Idir Tíortha. Thug beirt saineolaithe idirnáisiúnta sa réimse sin óráidí os comhair an tseimineáir: Laura Martinez-Mora arb í ceann an aonaid uchtála idir tíortha í ag Comhdháil na Háige ar an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach agus Nigel Cantwell ar sainchomhairleoir idirnáisiúnta é maidir le beartas cosanta leanaí agus arb é údar 'The Best Interests of the Child in Intercountry Adoption', a d'fhoilsigh UNICEF.*

*Thug an seimineár tuiscint do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha agus do gheallsealbhóirí eile ar na dúshláin agus ar an tírdhreach athraitheach a bhaineann le huchtáil idir tíortha.*

*Tá an tÚdarás ag leanúint d'aird a tharraingt ar chearta agus ar leasanna leanaí agus féachann sé lena chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuth an linbh le linn a bheith ag plé le gach ní a bhaineann le huchtáil. I gcás uchtáil bhaile tar éis cúram altramais fadtéarma, bíonn aois agus leibhéal aibíochta, a fhágann gur féidir dul i gcomhairle leo faoin uchtáil atá beartaithe, bainte amach ag an gcuid is mó leanaí.*

*Tá súil ag AAI go ndéanfaidh aon reachtaíocht nua foráil maidir le prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta a léirítear in Airteagail 7 agus 8 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.*

*Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus le comhaltaí Bhord an Údaráis as a dtiomantas agus as a ndíograis i leith obair an Údaráis. Is mór againn gach rud a dhéanann siad.*

*Ina theannta sin, ba mhaith linn buíochas a léiriú i leith na tacaíochtaí leanúnaí agus an chúnaimh leanúnaigh a fhaightear ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr James Reilly agus ó fhoireann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.*

***An Dr Geoffrey Shannon*** ***Patricia Carey***
***Cathaoirleach*** ***Príomhoifigeach Feidhmiúcháin***

**Tionscnaimh Shuntasacha Rialtais 2014**

**Ullmhúchán i gcomhair Neamhspleáchas Airgeadais**

Beidh an tÚdarás neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. Roimhe sin, d'oibrigh an Roinn Sláinte an fheidhm airgeadais thar ceann an Údaráis. Le linn an ullmhúcháin i gcomhair neamhspleáchas airgeadais, ceapadh oifigeach airgeadais i Meán Fómhair 2014 agus cruthaíodh sainrannóg airgeadais laistigh den Aonad Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnúcháin. I mí Eanáir 2015, gheobhaidh an tÚdarás an chéad tráthchuid de chistí Státchiste go díreach ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go díreach isteach i sainchuntas bainc AAI agus ina dtráthchodanna míosúla ina dhiaidh sin de réir an bhuiséid réamhshocraithe a comhaontaíodh idir an tÚdarás agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Le héifeacht ó Eanáir 2015, déileálfaidh rannóg airgeadais an Údaráis le gach caiteachas, cé is moite de chúrsaí párolla. Leanfaidh an Roinn Sláinte de bheith ag déileáil le cúrsaí párolla ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

**An Coiste Iniúchtaí & Rioscaí a Bhunú**

I mBealtaine 2014, de réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, bhunaigh an tÚdarás Coiste Iniúchta agus Rioscaí chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis. Tar éis an Coiste Rioscaí agus Iniúchta a bhunú, choimisiúnaigh sé measúnacht rioscaí maidir le gach réimse suntasach gnó (straitéis, oibriúchán, airgeadas, clú & rialachas) agus is é a lean as sin ná glacadh chlár cuimsitheach rioscaí an Údaráis i mí Dheireadh Fómhair 2014. Tá an Coiste Rioscaí agus Iniúchta ina fhochoiste de chuid Bhord an Údaráis agus, sa cháil sin, tugann cathaoirleach an Choiste tuairisc do chomhaltaí an Bhoird faoina chuid ghníomhaíochtaí. Bíonn ceithre chruinniú sceidealaithe ar a laghad ag an gCoiste in aghaidh na bliana. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Rioscaí & Iniúchta:

- Helen Collins (Cathaoirleach)
- Aidan Browne
- Claire Byrne
- An Dr Geoffrey Shannon

**Pleanáil i gcomhair tús a chur le córas iomlán cigireachta**

Oibríonn AAI córas tuairiscithe Athbhreithnithe Eatramhaigh do Chomhlachtaí Creidiúnaithe lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht Uchtála 2010 agus na

Rialacháin lena rialaítear comhlachtaí creidiúnaithe. Ar fud na bliana 2014, rinne na soláthróirí seirbhísí uchtála atá creidiúnaithe ag AAI na Tuairiscí Athbhreithnithe Eatramhaigh a chomhlánú agus chuir siad na doiciméid riachtanacha tacaíochta maidir le rialachas, airgeadas agus cúrsaí cleachtais ar fáil. Rinne an Bord cigireacht ar na doiciméid sin i ndáil le comhlachtaí creidiúnaithe sonracha ar bhonn míosúil.

Rinne daoine den fhoireann fheidhmiúcháin cigireacht ar gach tuarascáil mheasúnachta freisin mar chuid de chóras inmheánach athbhreithnithe cleachtais náisiúnta. Baineadh úsáid as na Treoirlínte maidir le hUchtáil Bhaile d'oibrithe sóisialta uchtála, a foilsíodh i mBealtaine 2014, le linn an córas inmheánach athbhreithnithe sin i ndáil le hiarratais ar uchtáil laistigh d'Éirinn. Rinne an Bord faireachán ar chaighdeán an chórais cigireachta sin ar bhonn míosúil trí athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha i leith iarratas ar uchtáil bhaile agus ar uchtáil idir tíortha araon.

D'fhonn scéim ar tríthi is féidir cigireachtaí iomlána a dhéanamh sa bhliain 2015 a chur ar aghaidh, thug daoine den fhoireann fheidhmiúcháin cuairt ar dhá chomhlacht chreidiúnaithe. Bhí roinnt cruinnithe faisnéise agus oiliúna ann freisin idir daoine den fhoireann fheidhmiúcháin agus eagraíochtaí a rialálann seirbhísí eile. I mí na Nollag 2014, d'aontaigh comhlacht creidiúnaithe páirt a ghlacadh i scéim phíolótach go luath sa bhliain 2015.

**Plean Corparáideach 2012-2015**

Faoi Alt 108 den Acht Uchtála , 2010, ceanglaítear ar an Údarás Plean Corparáideach a ullmhú agus a thíolacadh. Is é atá beartaithe le Plean Corparáideach ná:

- aird a tharraingt ar fhócas straitéiseach na heagraíochta
- léargas comhchoiteann a chur ar fail chun úinéireacht agus cur i gcrích a chinntiú
- rannpháirtíocht agus tiomantas foirne a neartú
- measúnú dúshlánach a sholáthar i ndáil le gníomhaíochtaí láithreacha agus tosaíochtaí a leagan amach maidir le roghanna straitéiseacha
- measúnacht réadúil a chur san áireamh maidir le hacmhainní atá ar fáil vis-à-vis cuspóirí inmhianaithe
- croíréimsí gníomhaíochta agus feidhmeanna gaolmhara na heagraíochta a leagan amach ar mhodh comhleanúnach

**Spriocanna Ardleibhéil**

I bPlean Corparáideach 2012-2015, sainaithníodh ceithre phríomhsprioc don Údarás mar aon le roinnt cuspóirí sonracha chun cur síos a dhéanamh ar fhócas obair an Údaráis thar thréimhse an Phlean

- **Sprioc 1:** Cinnteoireacht oibiachtúil a dhéanamh agus a chur chun cinn i ndáil le seirbhísí uchtála, de réir an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus de réir dea-chleachtas fianaise-bhunaithe.
- **Sprioc 2:** Cumas a fhorbairt, go hinmheánach agus go seachtrach araon, maidir le sármhaitheas i seirbhísí uchtála
- **Sprioc 3:** Tacaíocht a thabhairt maidir le hardchaighdeáin ó thaobh seirbhísí uchtála de, faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ina leith sin agus, más gá, na hardchaighdeáin sin a áirithiú.
- **Sprioc 4:** Creat cuimsitheach faisnéise, taighde agus cumarsáide a sholáthar chun tacú le forbairt an bheartais maidir le huchtáil, le soláthar seirbhísí agus le feabhsú leanúnach cáilíochta.

**Plean Gnó 2014**

Mar thacaíocht do Phlean Corparáideach 2012-2015, foilsíonn an tÚdarás Plean Gnó bliantúil. Cuireadh na spriocanna seo a leanas de chuid Phlean Gnó 2014 i gcrích go rathúil thar thimthriall 12 mhí an phlean:

- Cuairteanna allamuigh go Háítí, go Vítneam, go dtí na hOileáin Fhilipíneacha agus go dtí an Téalainn (Sprioc 1);
- Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis an Údarás a theacht chun bheith neamhspleách ó thaobh cúrsaí airgeadais de ar an 1 Eanáir 2015, lena n-áirítear sainaonad airgeadais a bhunú laistigh de sheirbhísí corparáideacha agus oifigeach airgeadais a cheapadh (Sprioc 2);
- Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca le feidhm Acmhainní Daonna ar leithligh a bhunú le héifeacht ón 1 Eanáir 2015, lena n-áirítear earcú ball nua foirne ag an Údarás chun ionad na státseirbhíseach a bheadh ag dul ar ais chuig a máthair-ranna a ghlacadh (Sprioc 2);
- I mBealtaine 2014, rinneadh Coiste Rioscaí agus Iniúchta a bhunú mar fhochoiste de chuid Bhord an Údaráis agus chuimsigh an coiste sin beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt cheapaithe seachtracha (Sprioc 2);
- Cuireadh obair chuimsitheach scóipeála i gcrích i ndáil le hullmhú sonraíochta le haghaidh athbhreithniú faisnéise, slándála agus Teicneolaíochta Faisnéise sa bhliain 2015 (Sprioc 2)
- Foilsíodh Creat Caighdeánaithe le haghaidh Uchtáil Bhaile (Sprioc 4);
- Cuireadh comhairliúchán & pleanáil tionscadail i gcrích i ndáil le Córas Píolótach Cigireachta i leith comhlachtaí creidiúnaithe de réir mar a ceanglaíodh faoi Ionstraim Reachtúil 524 (Na Rialacháin um Chomhlachtaí Creidiúnaithe 2010) atá le cur i bhfeidhm go luath sa bhliain 2015 (Sprioc 3);

- Bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) ar mhaithe le 'caint shoiléir' i ndoiciméid chomhairliúcháin agus athbhreithnithe agus i ngach foirm agus i ngach gnáth-chomhfhreagras a eisíonn an tÚdarás, d'fhonn an caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach i gcumarsáidí i scríbhinn lena gheallsealbhóirí (Sprioc 4);
- Rinne an tÚdarás staitisticí ráithiúla faoi gach príomhoibríocht a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin de réir an phlean gnó (Sprioc 4);
- Cuireadh bailchríoch ar an bplean tionscadail i leith uasdátú an Chláir Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR) agus comhaontaíodh dáta tosaithe go luath sa bhliain 2015 (Sprioc 4).

**Tuairim**

Is é atá sa phlean corparáideach ná straitéis forbartha na heagraíochta thar thréimhse cúig bliana agus bíonn cur i bhfeidhm an phlean ag brath ar ailíniú a chuspóirí leis an bplean gnó bliantúil. Baineadh an t-ailíniú sin amach go rathúil sa bhliain 2014.
Ina theannta sin, tá an tÚdarás sásta leis an dul chun cinn foriomlán go dtí seo i ndáil le cur i bhfeidhm an phlean chorparáidigh, go háirithe maidir le timthriall phlean gnó 2014 ar ina leith a cuireadh spriocanna suntasacha ailínithe i bhfeidhm. Ach tá roinnt rudaí le cur i bhfeidhm fós ós rud é nach bhfuil smacht ag an Údarás orthu (e.g. táthar ag fanacht le reachtaíocht etc).

Bunaíodh an tÚdarás i mí na Samhna 2010 agus tá tús á cur le céim aibí dá fhorbairt ag deireadh na chéad cheithre bliana dá straitéis chorparáideach cúig bliana. Mar aitheantas d'fhorbairt an Údaráis, cuirfear tús le dréachtú an dara Plean Corparáideach de chuid an Údaráis tar éis cheapadh an Údaráis nua ag deireadh na bliana 2015.

## UCHTÁIL BHAILE

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

### Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta

Rinneadh 121 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta a dheonú sa bhliain 2014. Ba é a bhí sa mheánam a bhí ann idir iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ar Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta agus deonú an Dearbhaithe ná 4.4 seachtain, agus léiríonn sé sin feabhas mór i gcomparáid le meánam na bliana seo caite, is é sin, 17.5 seachtain. Sa chuid is mó cásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de 3 seachtaine ón tráth a bhfuarthas an t-iarratas.

Tharla an feabhsú ar an amscála i leith Dearbhuithe a phróiseáil mar thoradh ar roinnt rudaí lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- foirmeacha iarratais feabhsaithe a thabhairt isteach
- treoirlínte cuimsitheacha agus foirmeacha teimpléadacha a chur ar fáil d’oibrithe sóisialta uchtála
- oiliúint faoi na ceanglais riaracháin agus dlí a thug oibrithe sóisialta agus baill foirne de chuid an Aonaid Uchtála Baile d’oibrithe sóisialta uchtála

I rith na bliana 2014, rinne an mheitheal oibre sóisialta athbhreithniú ar gach iarratas ar Dhearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta. Sa bhliain 2014, athbhreithníodh 102 iarratas ar uchtáil bhaile agus 106 iarratas ar uchtáil idir tíortha.

Le linn na caighdeáin agus na treoirlínte a ullmhaíonn an tÚdarás lena n-úsáid ag na geallsealbhóirí éagsúla, faightear eolas ina leith ó na treochtaí a thiomsaítear ó na hathbhreithnithe sin. Ina theannta sin, bíonn siad bunaithe ar eolas faoin dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar an Acht Uchtála 2010, ar chaighdeáin rialacháin reachtúla Choinbhinsiún na Háige maidir le huchtáil; agus ar thaighde idirnáisiúnta amhail taighde na Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta.

### Orduithe Uchtála

Deonaíodh 112 Ordú Uchtála sa bhliain 2014. Uchtáil Leasteaghlaigh a bhí i gceist leis an gcuid is mó díobh, is é sin, 74. Tharla laghdú ar an líon orduithe uchtála a rinneadh i leith leanaí a bhí i gcúram altramais fadtéarma - 23 sa bhliain 2014 i gcomparáid le 17 sa bhliain 2013. Ba é a bhí san iarmhéid (15) ná uchtálacha laistigh den teaghlach sínte agus uchtálacha naíon a suíodh lena n-uchtáil in Éirinn.

**Iarratais chuig an Ard-Chúirt**

Faoin Acht Uchtála 2010, tá sé d'oibleagáid ar an Údarás ordú a fháil ón Ard-Chúirt sular féidir dul ar aghaidh le huchtálacha áirithe.

Ní mór don Údarás iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an nós imeachta maidir leis an athair breithe a ligean thar ceal sna himthosca seo a leanas–

- i gcás nach bhfuil céannacht athar breithe ar eolas ag an Údarás, nó
- i gcás nach raibh an tÚdarás in ann an t-athar breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis maidir le suíomh a linbh lena uchtáil/huchtáil nó i ndáil le hiarratas ar uchtáil a linbh.

Sa bhliain 2014, rinneadh 5 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 18 den Acht le go bhféadfaí leanbh a shuíomh lena uchtáil/huchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do na 5 iarratas.

Sa bhliain 2014, rinneadh 12 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 30 den Acht le go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le hiarratas ar uchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do 8 n-iarratas agus, ag deireadh na bliana, bhíothas ag feitheamh le dátaí san Ard-Chúirt le haghaidh na 4 chás eile.

Le gur féidir leis an Údarás ordú uchtála a dhéanamh, ní mór don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó ní mór do na hiarratasóirí, i gcásanna áirithe) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt sna himthosca seo a leanas–

- i gcás nach bhfuil toilithe ó thuismitheoirí ar fáil agus/nó
- i gcás nach féidir a thaispeáint gur mhainnigh an tuismitheoir (na tuismitheoirí) a dhualgas/dualgas (a ndualgas) a chomhlíonadh i leith a linbh, agus
- i gcás inarb é leas an linbh é uchtáil a dhéanamh.

Sa bhliain 2014, rinneadh 10 n-iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 53/54 den Acht. Géilleadh do 7 n-iarratas sa bhliain 2014 agus, ag deireadh na bliana, bhíothas ag feitheamh le dátaí san Ard-Chúirt le haghaidh na 3 chás eile.

**FAISNÉIS agus LORGAIREACHT**

**Anailís ar Ghníomhaíochtaí**

Sa bhliain 2014, fuair an tÚdarás 38 n-iarratas ó dhaoine uchtaithe chun a ndeimhnithe breithe a scaoileadh.

Scaoileadh 23 dheimhniú breithe agus diúltaíodh do 2 iarratas. Fuarthas iarratais ar scaoileadh na ndeimhnithe sin i rith blianta roimhe seo. Maidir leis an 23 deimhniú breithe a scaoileadh, bhain cuid acu le hiarratais a rinneadh roimh an mbliain 2014. Maidir leis an dá iarratas ar diúltaíodh dóibh, bhain siad le hiarratais a fuarthas roimh an mbliain 2014.

**An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)**

Sa bhliain 2014, cuireadh 787 iarratasóir nua le Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil. Maidir le 95 chás, shainaithin an tÚdarás meaitseáil idir na hiarratasóirí nua agus baill teaghlaigh a bhí cláraithe leis an gClár roimhe sin.

Dhéileáil Meitheal Oibre Sóisialta an Údaráis le 124 tharchur nua le haghaidh seirbhísí faisnéise, comhairlithe agus lorgaireachta sa bhliain 2014. Maidir leis an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil, rinne oibrithe sóisialta teagmháil le daoine a bhí bainteach le 88 mheaitseáil, lena n-áirítear 28 mheaitseáil ó thaobh siblíní de.

Reáchtáil an tÚdarás seimineár i mí Aibreáin 2014 chun soiléiriú a thabhairt faoi sheirbhís faisnéise agus lorgaireachta an Údaráis agus chun an tseirbhís sin a chur chun cinn.

## UCHTÁIL IDIR TÍORTHA

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

### Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta

Dheonaigh an tÚdarás 106 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2014 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh thar lear agus shínigh sé 65 Dhearbhú a bhí ann cheana féin go ceann bliain amháin.

### Clár na nUchtálacha Idir Tíortha

Cuireadh 104 thaifead san iomlán isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha i leith na n-alt iomchuí go léir den Acht Uchtála 2010. Bhain 34 thaifead díobh sin le

huchtálacha isteach in Éirinn a rinneadh faoi théarmaí agus faoi choinníollacha Choinbhinsiún na Háige 1993.

**Meaitseáil leanaí:** Oibríonn oibrithe sóisialta le daoine den fhoireann riaracháin agus le Comhairleoir Liachta chun comhairle a chur ar fáil maidir le riachtanais leanaí a mheaitseáil le cumais tuismitheoirí ionchasacha Éireannacha. Sa bhliain, 2014, tarchuireadh 41 leanbh go hÉirinn ó thíortha eile. Déanann meitheal ildisciplíneach an Údaráis (ina gcuimsítear an Príomhoibrí Sóisialta, an Comhairleoir Liachta agus Bainisteoir an Aonaid Uchtála Idir Tíortha) athbhreithniú ar gach tarchur linbh lena uchtáil/huchtáil)

Maidir le tíortha nach bhfuil gníomhaireacht chreidiúnaithe ag Éirinn iontu mar shampla, na hOileáin Fhilipíneacha, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe, chuaigh daoine d'fhoireann oibre sóisialta AAI i dteagmháil leis na tuismitheoirí ionchasacha chun a gcumas chun freastal ar riachtanais shonracha na leanaí a phlé.

**Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha - Stáit Choinbhinsiún na Háige**

**An Bhulgáir:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 21 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Bhulgáir; deonaíodh 6 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 4 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

*Comhlachtaí Creidiúnaithe: Arc Adoption Limited (2011) agus Helping Hands Adoption Mediation Agency (2014).*

**An tSín:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 1 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa tSín; deonaíodh 1 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus níor cuireadh taifead ar bith isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Thug toscaireacht Shíneach, as Cúige Guangdong, cuairt ar an Údarás i Meitheamh 2014.

*Comhlachtaí Creidiúnaithe: Arc Adoption Limited (2011) agus Helping Hands Adoption Mediation Agency (2014).*

**Háítí:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 1 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh in Háítí; níor deonaíodh aon Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de

Choinbhinsiún na Háige) agus níor cuireadh taifead ar bith isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Thaistil Cathaoirleach an Údaráis agus Stiúrthóir Oibríochtaí agus Seirbhísí Corparáideacha an Údaráis go Háítí i mí Aibreáin 2014. Bhuail siad le hionadaithe de chuid an Údaráis Lárnaigh Náisiúnta - Institut di Bien-Etre Social et de Recherches (IBESR); de chuid UNICEF; de chuid roinnt ambasáidí agus de chuid roinnt carthanas Éireannach agus roinnt institiúidí cúraim leanaí. Chuir IBESR in iúl go ndéanfaidís 12 uchtáil in aghaidh na bliana a cheadú d'Éirinn.

*Comhlacht Creidiúnaithe: Arc Adoption Limited (2014)*

**An India:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 4 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh san India; níor deonaíodh aon Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 3 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

*Comhlacht Creidiúnaithe: Helping Hands Adoption Mediation Agency (2014)*

**Na hOileáin Fhilipíneacha:** I rith na bliana 2014, deonaíodh 4 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sna hOileáin Fhilipíneacha; deonaíodh 5 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige). Faoi na socruithe reatha, féadtar leanaí Filipíneacha a uchtáil in Éirinn ina dhiaidh sin.
Thug Cathaoirleach an Údaráis agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis cuairt ar na hOileáin Fhilipíneacha i mí na Nollag 2014 chun athbhreithniú a dhéanamh ar uchtálacha idir an dá thír.

*Comhlacht Creidiúnaithe: Helping Hands Adoption Mediation Agency (2012)*

**An Téalainn:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 4 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Téalainn; deonaíodh 3 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 6 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.
Thug Cathaoirleach an Údaráis agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis cuairt ar an Téalainn i mí na Nollag 2014 chun athbhreithniú a dhéanamh ar uchtálacha idir an dá thír.

**Stáit Aontaithe Mheiriceá:** I rith na bliana 2014, deonaíodh 57 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag

beartú uchtáil a dhéanamh i Stáit Aontaithe Mheiriceá; deonaíodh 7 gComhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 5 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

*Comhlacht Creidiúnaithe: Arc Adoption Limited (2011)*

**Vítneam:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 10 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh i Vítneam; deonaíodh 16 Comhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 4 taifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Thug Cathaoirleach an Údaráis, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis agus Stiúrthóir Oibríochtaí agus Seirbhísí Corparáideacha cuairt ar Vítneam i mí na Nollag 2014 chun athbhreithniú a dhéanamh ar uchtálacha idir an dá thír.

*Comhlachtaí Creidiúnaithe: Arc Adoption Limited (2012) agus Helping Hands Adoption Mediation Agency (2012).*

**An Ríocht Aontaithe:** Sa bhliain 2014, deonaíodh 1 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bhí ag beartú uchtáil a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe; deonaíodh 2 Chomhaontú chun Leanbh a Shuíomh (Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige) agus cuireadh 2 thaifead isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha.

Tá sé curtha in iúl ag Údarás Lárnach Náisiúnta Shasana (comhlacht comhordúcháin na gceithre údarás lárnacha náisiúnta sa Ríocht Aontaithe) nach mbíonn leanaí ar fáil sa Ríocht Aontaithe, de ghnáth, le haghaidh uchtáil idir tíortha. D'fhéadfaí eisceachtaí a dhéanamh i gcás ina bhfuil gnáthchónaí ar leanbh sa Ríocht Aontaithe ach go bhfuil gaolta aige/aici in Éirinn.

**An Cholóim, An Chéinia, An Liotuáin, Peiriú, an Pholainn agus An Afraic Theas:** Rinneadh an Ghníomhaireacht Idirghabhála Uchtála Helping Hands a chreidiúnú i mí na Nollag 2014 chun uchtáil ó na tíortha seo a éascú. Leanfaidh HHAMA ar aghaidh anois chun teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis lárnacha náisiúnta lena fháil amach cad iad na socruithe ar gá iad a chur i bhfeidhm chun uchtálacha ó na tíortha seo a éascú.

**An Chasacstáin:** Leanadh de na hiarrachtaí chun plé a thionscnamh i dtaobh an féidir socruithe déthaobhach a dhéanamh idir Éire agus an Chasacstáin. Bhuail an tÚdarás leis an Uasal Yerland Utegenov, Attaché in Ambasáid Phoblacht na Casacstáine i Meán Fómhair 2014.

## CREIDIÚNÚ

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Foráiltear le hAlt 126 den Acht Uchtála 2010 go gcoimeádfaidh an tÚdarás 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe'. Faoin mbliain 2014, bhí 14 Chomhlacht Chreidiúnaithe cláraithe sa 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe'.

Fuarthas fógra amháin maidir le scor de sholáthar seirbhísí ina dhiaidh sin ó St. Patrick's Guild, Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4.

## TÁBLAÍ STAITISTIÚLA

| | |
|---|---|
| Tábla 1 | Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2014 |
| Tábla 2 | Orduithe Uchtála Baile a deonaíodh sa bhliain 2014/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist |
| Tábla 3 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2014, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 4 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2014, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 5 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2014, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **roimh** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu ó Údarás Uchtála na hÉireann tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 6 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2014, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 7 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 2010 agus 2014, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 8 | An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2014 (Gach Roinn) |
| Tábla 9 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord (iar-Bhord) Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 i gcás uchtálacha idir tíortha. |
| Tábla 10 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010 i gcás uchtálacha idir tíortha. |

**Tábla 1 Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2014**

| Bliain | An Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna Neamhphósta | % den Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Uchtálacha |
|---|---|---|---|---|
| 1953 | 62,558 | 1,340 | 2.14 | 381 |
| 1954 | 62,534 | 1,310 | 2.09 | 888 |
| 1955 | 61,662 | 1,234 | 2.00 | 786 |
| 1956 | 60,740 | 1,173 | 1.93 | 565 |
| 1957 | 61,242 | 1,032 | 1.69 | 752 |
| 1958 | 59,510 | 976 | 1.64 | 592 |
| 1959 | 60,188 | 959 | 1.59 | 501 |
| 1960 | 60,735 | 968 | 1.59 | 505 |
| 1961 | 59,825 | 975 | 1.63 | 547 |
| 1962 | 61,782 | 1,111 | 1.80 | 699 |
| 1963 | 63,246 | 1,157 | 1.83 | 840 |
| 1964 | 64,072 | 1,292 | 2.02 | 1,003 |
| 1965 | 63,525 | 1,403 | 2.21 | 1,049 |
| 1966 | 62,215 | 1,436 | 2.31 | 1,178 |
| 1967 | 61,307 | 1,540 | 2.51 | 1,493 |
| 1968 | 61,004 | 1,558 | 2.55 | 1,343 |
| 1969 | 62,912 | 1,642 | 2.61 | 1,225 |
| 1970 | 64,382 | 1,709 | 2.65 | 1,414 |
| 1971 | 67,551 | 1,842 | 2.73 | 1,305 |
| 1972 | 68,527 | 2,005 | 2.93 | 1,291 |
| 1973 | 68,713 | 2,167 | 3.15 | 1,402 |
| 1974 | 68,907 | 2,309 | 3.35 | 1,415 |
| 1975 | 67,178 | 2,515 | 3.74 | 1,443 |
| 1976 | 67,718 | 2,545 | 3.76 | 1,104 |
| 1977 | 68,892 | 2,877 | 4.18 | 1,127 |
| 1978 | 70,299 | 3,003 | 4.27 | 1,223 |
| 1979 | 72,539 | 3,337 | 4.60 | 988 |
| 1980 | 74,064 | 3,723 | 5.03 | 1,115 |
| 1981 | 72,158 | 3,914 | 5.42 | 1,191 |
| 1982 | 70,843 | 4,358 | 6.15 | 1,191 |
| 1983 | 67,117 | 4,552 | 6.78 | 1,184 |
| 1984 | 64,062 | 5,116 | 7.99 | 1,195 |
| 1985 | 62,388 | 5,282 | 8.47 | 882 |
| 1986 | 61,620 | 5,946 | 9.65 | 800 |
| 1987 | 58,433 | 6,347 | 10.86 | 715 |
| 1988 | 54,600 | 6,483 | 11.87 | 649 |
| 1989 | 52,018 | 6,671 | 12.82 | 615 |
| 1990 | 53,044 | 7,767 | 14.64 | 648 |
| 1991 | 52,718 | 8,912 | 16.91 | 590 |
| 1992 | 51,089 | 9,211 | 18.03 | 523 |
| 1993 | 49,304 | 9,826 | 19.93 | 500 |
| 1994 | 47,928 | 9,904 | 20.66 | 424 |
| 1995 | 48,530 | 10,788 | 22.23 | 490 |

| Bliain | An Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna Neamhphósta | % den Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Uchtálacha |
|---|---|---|---|---|
| 1996 | 50,390 | 12,484 | 24.77 | 405 |
| 1997 | 52,311 | 13,892 | 26.56 | 422 |
| 1998 | 53,551 | 15,133 | 28.26 | 400 |
| 1999 | 53,354 | 16,461 | 30.85 | 317 |
| 2000 | 54,239 | 17,235 | 31.78 | 303 |
| 2001 | 57,882 | 18,049 | 31.18 | 293 |
| 2002 | 60,521 | 18,815 | 31.09 | 266 |
| 2003 | 61,517 | 19,313 | 31.39 | 263 |
| 2004 | 61,684 | 19,935 | 32.32 | 273 |
| 2005 | 61,042 | 19,528 | 32.00 | 253 |
| 2006 | 64,237 | 21,295 | 33.15 | 222 |
| 2007 | 70,620 | 23,170 | 32.81 | 187 |
| 2008 | 75,065 | 24,844 | 33.09 | 200 |
| 2009 | 74,728 | 24,532 | 32.82 | 190 |
| 2010 | 73,724 | 24,860 | 33.72 | 189 |
| 2011 | 74,650 | 25,157 | 33.70 | 39 |
| 2012 | 72,225 | 25,344 | 35.10 | 49 |
| 2013 | 68,930 | 24,393 | 35.40 | 116 |
| 2014 | 67,462 | 24,514 | 36.30 | 112 |
| **IOMLÁN** | | | | **44,270** |

*Foinsí: Achomaireachtaí Staitistiúla (blianta éagsúla), An Phríomh-Oifig Staidrimh*

**Tábla 2 Orduithe Uchtála Baile a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist**

| | |
|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí/An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach/Tusla | Gach ceann |

**Tábla 3**

Taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, a taifeadadh de bhun Alt 5 den Acht Uchtála 1991, **agus** i gclár na nUchtálacha idir Tíortha 2010-2014, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála)

| **Cláraithe** | **An Tír** | **An líon leanaí** | |
|---|---|---|---|
| 1 | An Rúis | 1603 | |
| 2 | An Rómáin | 786 | |
| 3 | Vítneam | 786 | |
| 4 | An tSín | 389 | |
| 5 | An Aetóip | 301 | |
| 6 | Guatamala | 176 | |
| 7 | An Chasacstáin | 149 | |
| 8 | An Bhealarúis | 145 | |
| 9 | An Téalainn | 112 | |
| 10 | An Úcráin | 99 | |
| 11 | Meicsiceo | 96 | |
| 12 | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 67 | |
| 13 | An India | 51 | |
| 14 | An Cholóim | 19 | |
| 15 | An Téaváin | 19 | |
| 16 | An Bhrasaíl | 17 | |
| 17 | Paragua | 16 | |
| 18 | Na hOileáin Filipíneacha | 11 | |
| 19 | An Bhulgáir | 10 | |
| 20 | Peiriú | 6 | |
| 21 | An Chambóid | 3 | |
| 22 | Uganda | 2 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 23 | An Úisbéiceastáin | 2 | |
| 24 | An Ríocht Aontaithe | 2 | |
| 25 | An tSalvadóir | 2 | |
| 26 | An tSile | 1 | |
| 27 | Iosrael | 1 | |
| 28 | An tSeapáin | 1 | |
| 29 | An Liobáin | 1 | |
| 30 | An Bholaiv | 1 | |
| 31 | Srí Lanca | 1 | |
| 32 | Veiniséala | 1 | |
| 33 | An tSaimbia | 1 | |
| 34 | An Chéinia | 1 | |
| 35 | An tSiombáib | 1 | |
| 36 | Maracó | 1 | |
| 37 | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1 | |
| 38 | An Mhaláiv | 1 | |
| 39 | An Libia | 1 | |
| 40 | An Afraic Theas | 1 | |
| | **Iomlán** | **4,884** | |

**Tábla 4**
Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 don bhliain 2014 amháin. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála)

| **An Tír** | **2014** |
|---|---|
| An Bhulgáir | 4 |
| An tSín | 1 |
| An India | 3 |
| Meicsiceo | 5 |
| An Rúis | 4 |
| An Téalainn | 6 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 5 |
| An Ríocht Aontaithe | 2 |
| Vítneam | 4 |
| **Iomlán** | **34** |

**Tábla 5**
An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2014, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha aon tráth **roimh** achtú an Achta Uchtála 2010. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| **An Tír** | **2014** |
|---|---|
| An Astráil | 3 |
| Beirmiúda | 1 |
| An Chambóid | 2 |
| Ceanada | 1 |
| An tSín | 3 |
| An Ghréig | 1 |
| An Afraic Theas | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 12 |
| An Pholainn | 2 |
| An Téalainn | 2 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 12 |
| **Iomlán** | **40** |

| **Tábla 6**<br>An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh sa bhliain 2014, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). | |
|---|---|
| An Bhrasaíl | 1 |
| Ceanada | 1 |
| An Chipir | 1 |
| Easuadór | 1 |
| Hong Cong | 8 |
| An India | 1 |
| Iosrael | 1 |
| An Chéinia | 1 |
| An Nua-Shéalainn | 1 |
| An Téalainn | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 4 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 6 |
| Singeapór | 2 |
| An Afraic Theas | 3 |
| **Iomlán** | **32** |

**Tábla 7**

An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 2010 agus 2014, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála). (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| **An Tír** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | **2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 |
| An Chambóid | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tSín | 9 | 6 | 1 | 3 | 1 |
| An Cholóim | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An tSalvadóir | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An Aetóip | 75 | 42 | 32 | 26 | 0 |
| An India | 0 | 0 | 10 | 10 | 3 |
| An Chasacstáin | 1 | 4 | 0 | 0 | 0 |
| Meicsiceo | 10 | 3 | 1 | 0 | 5 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Rúis | 80 | 124 | 49 | 17 | 4 |
| An Téaváin | 1 | 1 | 3 | 1 | 0 |
| An Téalainn | 2 | 0 | 2 | 5 | 6 |
| An Úcráin | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 7 | 7 | 19 | 7 | 5 |
| An Ríocht Aontaithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Vítneam | 10 | 0 | 0 | 0 | 4 |
| **Iomlán** | **200** | **188** | **117** | **72** | **34** |

| **Tábla 8** | **An líon iomlán uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2014 (Gach Roinn)** |
|---|---|
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 67 |
| 1995 | 90 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 148 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 323 |
| 2001 | 285 |
| 2002 | 440 |
| 2003 | 487 |
| 2004 | 486 |
| 2005 | 439 |
| 2006 | 406 |
| 2007 | 436 |
| 2008 | 490 |
| 2009 | 394 |
| 2010 | 288 |
| 2011 | 342 |
| 2012 | 244 |
| 2013 | 145 |
| 2014 | 104 |
| **Iomlán** | **6,697** |

**Tábla 9**
An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 i gcás uchtálacha idir tíortha.

| **Bliain** | **An Líon Dearbhuithe a Deonaíodh** | **An Líon Dearbhuithe ar Diúltaíodh dóibh** |
|---|---|---|
| 1991 | 4 | 1 |
| 1992 | 40 | 1 |
| 1993 | 54 | 6 |
| 1994 | 63 | 3 |
| 1995 | 109 | 4 |
| 1996 | 117 | 5 |
| 1997 | 176 | 1 |
| 1998 | 206 | 3 |
| 1999 | 242 | 1 |
| 2000 | 282 | 1 |
| 2001 | 391 | 1 |
| 2002 | 399 | 1 |
| 2003 | 468 | 0 |
| 2004 | 461 | 0 |
| 2005 | 403 | 3 |
| 2006 | 400 | 3 |
| 2007 | 452 | 5 |
| 2008 | 494 | 1 |
| 2009 | 391 | 1 |
| 2010 | 423 | 1 |
| **Iomlán** | **5,575** | **40** |

| Tábla 10<br>An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta (Idir Tíortha) arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann ón mbliain 2010 go dtí an bhliain 2014 faoin Acht Uchtála 2010 i gcás uchtálacha idir tíortha. | | |
|---|---|---|
| Bliain | An Líon Dearbhuithe Alt 40 a Deonaíodh | An Líon Dearbhuithe Alt 40 ar diúltaíodh dóibh |
| 2010 | 20 | 0 |
| 2011 | 205 | 0 |
| 2012 | 164 | 2 |
| 2013 | 266 | 1 |
| 2014 | 106 | 4 |
| Iomlán | **761** | |